Dlí nua

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhlí nua a chuideoidh le sábháilteacht ar na bóithre. Féach ar an mír uair amháin agus pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Ar chuala tú an leagan Gaeilge de na focail agus de na frásaí seo thíos sa mhír? Cad iad?

offence	_____
drivers	_____
cyclists	_____
dangerously	_____
penalty point	_____
who will break the law	_____
legislation	_____
justly, fairly	_____
network	_____
cycle path	_____
in the short and medium term	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Samhlaígí go bhfuil sibh ag cur agallamh ar Shane Ross. Breacaigí síos ar a laghad seacht gceist a chuirfeadh sibh air faoin reachtaíocht nua.

Ceist 4 '…An tAire Iompair…'

Cén t-aire atá freagrach as na cúraimí seo a leanas:

- córas iompair na tíre
- cearta an duine

- an tír a chosaint
- cúrsaí airgeadais
- an Ghaeilge a chur chun cinn
- gnóthaí eachtracha
- oideachas

Bíodh teideal ceart an aire agat as Gaeilge, chomh maith le hainm an duine sin. Mar shampla:

An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt – Shane Ross.

Ceist 5 *'…*má théann*…'*

A. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Breacaigí síos na rialacha a bhaineann le 'má' san aimsir láithreach.

B. Cuirigí Gaeilge ar na habairtí seo:

If you see them, don't tell them you saw me.
If you buy that, you won't have any money left.
If he sees me here, he'll be so happy.
If she's back in the next 5 minutes, tell her to call me.
If they ask you a question, answer them truthfully.
If you don't work diligently, you won't get good results.
If Seán says that, nobody will believe him.
If he's working, don't disturb him.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Conas a théann tú féin chun na scoile nó chun na hoibre gach lá? Cén fáth?
2. Cad iad na buntáistí a bhaineann le rothaíocht?
3. An bhfuil bóithre na hÉireann níos sábháilte anois ná mar a bhí deich mbliana ó shin? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is mír an-ghearr í seo agus mar sin is féidir í a chur ar siúl den chéad uair gan mórán réamhullmhúcháin a dhéanamh.

Ceist 2

offence – *cion*
drivers – *tiománaithe*
cyclists - *rothaithe*
dangerously – *go contúirteach*
penalty point – *pointe pionóis*
who will break the law – *a sháróidh an dlí*
legislation – *reachtaíocht*
justly, fairly – *go cothrom*
network – *líonra*
cycle path – *raon rothar*
in the short and medium term - *sa ghearr- agus sa mheántéarma*

Ceist 3

Mar shampla:

1. Cathain a chuirfear an reachtaíocht i bhfeidhm?
2. Cad atá i gceist leis an reachtaíocht nua?
3. Cén fhíneáil a ghearrfar ar sháraitheoirí an dlí?
4. Cé mhéad pointe pionóis atá i gceist?
5. Conas a chabhróidh an dlí nua seo le rothaithe a bheith níos sábháilte ar na bóithre?
6. An réiteach fadtéarmach é seo?
7. Cad eile atá ar bun agat chun rothaíocht a chur chun cinn sa tír?

Ceist 4

Cén t-aire atá freagrach as na cúraimí seo a leanas:

- córas iompair na tíre
  An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt – Shane Ross
- cearta an duine
  An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais – Charles Flanagan
- an tír a chosaint
  An tAire Cosanta– an Taoiseach Leo Varadkar
- cúrsaí airgeadais
  An tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Paschal Donohoe
- an Ghaeilge a chur chun cinn
  An tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta – Josepha Madigan
- gnóthaí eachtracha
  An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála – an Tánaiste Simon Coveney
- oideachas
  An tAire Oideachais agus Scileanna – Joe McHugh

Ceist 5

A.

- ✓ Úsáidtear **má** agus an aimsir láithreach chun tagairt a dhéanamh don am atá le teacht.
- ✓ Séimhítear an consan a leanann **má**.
- ✓ Ní shéimhítear **bí** (ach amháin i gcás ‘bíonn’) agus **abair** tar éis **má** – *má tá* agus *má deir*.

- ✓ Úsáidtear **bíonn**, an gnáthláithreach den bhriathar **bí**, chun tagairt don am atá le teacht.
- ✓ Is é **mura** an leagan diúltach de **má** agus leanann urú é.

B. Cuirigí Gaeilge ar na habairtí seo:

If you see them, don't tell them you saw me.
Má fheiceann tú iad, ná habair leo go bhfaca tú mé.
If you buy that, you won't have any money left.
Má cheannaíonn tú é sin, ní bheidh aon airgead fágtha agat.
If he sees me here, he'll be so happy.
Má fheiceann sé anseo mé, beidh áthas an domhain air.
If she's back in the next 5 minutes, tell her to call me.
Má thagann sí ar ais faoi cheann cúig nóiméad, abair léi scairt a chur orm.
If they ask you a question, answer them truthfully.
Má chuireann siad ceist ort, freagair go hionraic iad.
If you don't work diligently, you won't get good results.
Mura n-oibríonn tú go díograiseach, ní bhfaighidh tú marcanna arda.
If Seán says that, nobody will believe him.
Má deir Seán sin, ní chreidfidh aon duine é.
If he's working, don't disturb him.
Má tá sé ag obair, ná cuir isteach air.

Ceist 6
Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Anois, ó mheán oíche anocht is cion a bheidh ann má théann tiománaithe thar[1] rothaithe ar shlí chontúirteach. Roimhe[2] seo, d'fhéadfaí fíneáil a ghearradh ar thiománaí as gabháil thar fheithicil eile go contúirteach. Ach, baineann an dlí nua seo le rothaithe amháin. €120 agus 3 phointe pionóis a ghearrfar ar thiománaithe a sháróidh an dlí seo. Sheol an tAire Iompair, Shane Ross, an reachtaíocht inniu. Dúirt sé go raibh sé ag súil go dtarraingeodh an dlí aird ar an tábhacht a bhaineann leis an mbóthar a roinnt go cúramach agus go cothrom.

An Comhairleoir Deirdre Donnelly, Neamhspleách, Dún Laoghaire – Ráth an Dúin
Tá an reachtaíocht seo fíorthábhachtach. Reachtaíocht a bheidh ag dul i bhfeidhm anocht ag meán oíche, ag cur iachall[3] ar thiománaithe fad áirithe a choimeád idir an gluaisteán agus rothaithe ar na bóithre. Tá roinnt mhaith á dhéanamh ar ndóigh ag an gcontae agus ar fud na tíre ó thaobh níos mó, líonra níos fearr raon rothar a chur i bhfeidhm ach ní féidir é sin… ní féidir é sin a bheith ar na bóithre uilig[4] faoi láthair. Agus ceapaim, sa ghearr- agus sa mheántéarma go gcabhraíonn sé go mór reachtaíocht mar seo a bheith i bhfeidhm.

[1] *thairis* a dúradh
[2] *Roimis* a dúradh
[3] *ag cur iallach ar* an leagan caighdeánach
[4] *uile* an leagan caighdeánach